Bí Sábháilte

Iarrtar ort bileog 'Bí Sábháilte' a chruthú do dhaltaí sa bhliainghrúpa thíos fút. Cuir eolas sábháilteachta tábhachtach ar an bhileog a shíleann tú ba chóir a chur in iúl do pháistí.

Amharc ar roinnt bileog a thug do rang isteach agus labhraígí ar cad é atá go maith nó go holc fúthu.

Cén cineál bileoige is féidir leat a chruthú?



Pléigí bileoga le filleadh amháin nó le trí fhilleadh – na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí eatarthu.

Déan cinneadh faoin eolas ba mhaith leat a chur ar do bhileog. Thig leat an t-eolas a fuair tú ó do chaint shábháilteachta a úsáid agus/nó an tIdirlíon a úsáid le heolas agus pictiúir a aimsiú a chuirfidh tú ar do bhileog.

Bí Sábháilte

Cuid 1

Cuardaigh eolas ar na suíomhanna gréasáin/CD ROManna a thug do mhúinteoir duit.

Coinnigh nóta de na suíomhanna uilig a dtugann tú cuairt orthu.

Roghnaigh bogearraí/teimpléad cuí le bileog aon fhilleadh a dhéanamh.

Roghnaigh íomhánna fóirsteanacha ó na híomhánna a thug do mhúinteoir duit, athraigh a méideanna más gá agus cuir san áit cheart iad.

Cuir do théacs isteach, ag déanamh cinnte de go bhfuil an phoncaíocht agus an litriú i gceart.

Athraigh méid, dath agus cló an téacs.

Déan athruithe ar bith san obair atá de dhíth.

Sábháil an obair agus cuir teideal comhaid chuí uirthi.

Bí Sábháilte

Cuid 2



Cuardaigh an tIdirlíon/CD ROManna le haghaidh eolais chuí agus grafaicí cuí nó bain úsáid as íomhánna nó grianghraif scanta.

Coinnigh nóta de na suíomhanna uilig ar thug tú cuairt orthu.

Roghnaigh bogearraí/teimpléad cuí le bileog trí fhilleadh a dhéanamh.



Bain úsáid as boscaí téacs le téacs ó thaighde agus roinnt téacs de do chuid féin a chur isteach agus déan formáidiú cuí air.

Bain úsáid as an bharra uirlisí le heagar a chur ar íomhá, ar ghraf nó ar thábla a roghnaigh tú agus cuir i do bhileog é.

Sábháil do bhileog, déan í a phriontáil agus pléigh na dóigheanna lena feabhsú leis na daltaí eile.

Déan feabhsuithe agus sábháil an obair i gcomhad topaice.

Bí Sábháilte

Cuid 3



Roghnaigh bogearraí/teimpléad cuí le bileog trí fhilleadh a dhéanamh.

Déan íomhánna agus téacs cuí a rochtain agus a roghnú as réimse foinsí, ag léiriú tuisceana ar spriocghrúpa agus ar aidhm.

Déan anailís ar an eolas a bailíodh agus roghnaigh an chuid is tábhachtaí do do bhileog.

Cuir na suíomhanna gréasáin ar thug tú cuairt orthu le do Cheanáin.

Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs féin a chur isteach. Déan naisc idir boscaí téacs le sreabhadh téacs a cheadú. Formáidigh an téacs.

Bain úsáid as gnásanna grúpála, mar shampla pictiúr agus teideal.

Bain úsáid as uimhreacha leathanaigh nó as ceanntásca agus buntásca más cuí.

Cuir roinnt de na naisc ghréasáin is úsáidí le do bhileog.

Bí Sábháilte

Cruthaigh Fillteán Topaice ina gcoinneoidh tú an obair seo agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú a bhfuil íomhánna iontu a úsáidtear sa bhileog – grianghraif/ íomhánna scanta, grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin srl.

Scríobh alt gairid a mhíníonn an dóigh a ndearna tú an tasc agus sainaithin na fadhbanna a casadh ort.

Gabh isteach i do bhileog trí d'fhillteán topaice. Léirigh é ar chlár bán nó ar inlíon na scoile agus iarr a mbarúlacha ar an rang. Déan athruithe más gá agus sábháil arís í.